Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2026 (OR. en)**

**9176/26**

**FIN 667**
**INST 219**
**PE-L 13**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8782/26 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 07/2026 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – de bhuiséad ginearálta 2026<br>• *Formheas*<br>• *Formheas litreach* |

1. An 30 Aibreán 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra Uimh. DEC 07/2026 le haghaidh aistriú leithreasuithe maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (EGF/2025/009 BE/Soliver)[1], i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[2].

2. Mar a taifeadadh in 8782/26, is é is cuspóir don togra sin EUR 2,13 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a aistriú ó Airteagal 30 04 02 *(Cúlchiste le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED))* go hAirteagal 16 02 02 *(an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED))*.

---

[1] 8779/26.

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

4. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra maidir le haistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 13 Bealtaine 2026.

5. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 8782/26 é; agus

- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán an Choimisiúin

cóip: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A chara,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[1], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 07/2026 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2026.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).